Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 30 Deireadh Fómhair 2026
(OR. en)

15193/26
ADD 1

PECHE 457
DELACT 172

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	30 Deireadh Fómhair 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	C(2026) 7669 annex
Ábhar:	IARSCRÍBHINN a ghabhann le RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/2056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na sonraíochtaí le haghaidh bearta maolaithe maidir le héanlaith mhara

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 7669 annex.

Faoi iamh: C(2026) 7669 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.10.2026
C(2026) 7669 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann le

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/2056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na sonraíochtaí le haghaidh bearta maolaithe maidir le héanlaith mhara

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2022/2056, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na roinne 'Sonraíochtaí':

'Sonraíochtaí

1. Línte scanraithe éan (Ó dheas ó 25 ° Ó Dheas)

1.(a) Le haghaidh soithí >=35 m a bhfad san iomlán

Caighdeáin íosta

(i) Líne scanraithe éan amháin ar a laghad a chur in úsáid. Má dhéantar dhá líne scanraithe éan a chur in úsáid, déanfar iad a chur in úsáid go comhuaineach, ceann ar gach taobh den líne a bheidh á cur. Agus an líne á socrú, déanfar duáin bhaoiteáilte a chaitheamh amach san uisce - gar do limistéar cumhdaigh na línte scanraithe éan, agus seachnófar achar dromchla na suaiteachta liáin.

(ii) Is mar a leanas a úsáidfear líne scanraithe éan lena n-úsáidfear sraoilleáin fhada agus sraoilleáin ghearra:

(a) Cuirfear sraoilleáin fhada ag eatraimh nach faide ná 5 m agus ceanglófar iad—ionas nach rachaidh siad i bhfostú sa phríomhdhorú. Úsáidfear sraoilleáin fhada ar fhad leordhóthanach chun go sroichfear dromchla na farraige in aimsir chiúin.

(b) Beidh sraoilleáin ghearra 1 m ar fad ar a laghad agus cuirfear iad achar nach faide ná 1 m ó chéile.

(c) Ceanglófar sraoilleáin feadh na líne scanraithe éan ar feadh an chéad 100 m ar a laghad ó chúl an deiridh go dtí an pointe mar a dtéann an phríomhdhorú isteach san uisce.

(iii) Déanfar an líne scanraithe éan a chur in úsáid i soithí chun go mbainfear réim aeir inmhianaithe amach atá níos mó ná 100 m nó cothrom leis. Chun an réim aeir sin a bhaint amach, beidh an líne scanraithe éan 200 m ar fad ar a laghad. Má tá réad tarraingthe ceangailte de dheireadh na líne scanraithe éan, beidh an líne scanraithe éan 120 m ar fad ar a laghad.

(iv) Beidh an líne scanraithe éan ceangailte de chuaille scanraithe éan > 7 m os cionn dhromchla na farraige agus í lonnaithe a chóngaraí do dheireadh an tsoithigh agus a bheidh praiticiúil.

(v) Mura n-úsáideann soithí ach aon líne scanraithe éan amháin, cuirfear í in úsáid ar thaobh na gaoithe ó bhaoití báite.

Treoirlínte teicniúla

(i) **Aon líne scanraithe éan amháin nó dhá líne scanraithe éan**

I gcás ina féidir é, spreagtar lucht soithí dhá líne scanraithe éan a úsáid tráth a bhíonn an-chuid éan nó an-ghníomhaíocht éan ann.

(ii) **Ábhar an phríomhdhorú**

(a) Tá sé éifeachtach ábhair éagsúla a úsáid le haghaidh na coda san aer agus le haghaidh na coda faoi uisce den líne scanraithe éan.

(b) I gcás na coda san aer, is inmhianaithe ábhar éadrom a bhfuil sé éasca sraoilleán a chur isteach ann.

(c) Maidir leis an gcuid faoi uisce, is fearr ábhar a fhanann ar snámh in uisce chun dul i bhfostú le trealamh iascaireachta a laghdú, agus is fearr freisin téad a bhfuil uigeacht gharbh aige chun cúltarraingt faoi uisce a sholáthar.

(d) Tá rioscaí tromchúiseacha sábháilteachta ag baint le dul i bhfostú idir trealamh iascaireachta agus línte scanraithe éan, lena n-áirítear briseadh cuaille. Chun teagmhais den sórt sin a sheachaint, moltar meicníocht a ionchorprú lenar féidir an príomhdhorú a dhícheangal nuair a chuirtear teannas iomarcach air. Samplaí de na bearta sábháilteachta sin is ea codanna de théada ísealmharthanachta a nascadh feadh na líne chun pointí briste a chruthú nó crua-earraí a dhícheanglaíonn faoi ualaí ardteannais a úsáid.

(iii) **Réad tarraingthe**

Ba cheart don réad tarraingthe atá ceangailte de dheireadh na líne scanraithe éan cúltarraingt leordhóthanach a ghiniúint chun an réim aeir is gá a bhaint amach atá níos mó ná 100 m nó cothrom leis.

(iv) **Dath na sraoilleán**

Ba cheart dath geal a bheith ar na sraoilleáin.

(v) **Modh ceangail na sraoilleán**

Is féidir sclóinte éadroma, ailt nó ulóga plaisteacha, nó sraoilleáin fhada atá déanta as ábhair réasúnta docht, a úsáid chun dul i bhfostú a chosc.

(vi) **Airde an chuaille**

Tabhair faoi deara, maidir le suíomh ceangail na líne scanraithe éan a ardú, go bhféadfadh sé gur ghá síneadh a chur le fad iomlán na líne nó gaireas tarraingthe breise a chur léi chun réim aeir leordhóthanach a áirithiú.

(vii) **Cleachtas oibríochtúil**

Ba cheart líne scanraithe éan bhreise agus sraoilleáin bhreise a iompar ar bord chun línte scanraithe éan a bhfuil damáiste déanta dóibh a dheisiú nó a ionadú. Ba cheart scrúdú a dhéanamh ar línte scanraithe éan agus sraoilleáin go tráthrialta agus cothabháil a dhéanamh orthu de réir mar is gá. Nuair a bhíonn meaisín caite amach baoití in úsáid, ba cheart an suíomh tuirlingthe a choigeartú roimh ré.

1(b). Le haghaidh soithí a bhfuil a bhfad iomlán <35 m

(i) Úsáidfear aon líne scanraithe éan amháin lena n-úsáidfear sraoilleáin fhada agus sraoilleáin ghearra, nó sraoilleáin ghearra agus iad sin amháin.

(ii) Is éard a bheidh i sraoilleáin: sraoilleáin ar dhathanna geala, beidh siad fada agus/nó gearr (ach níos faide ná 1 m ar fad); ní mór sraoilleáin a úsáid agus a chur ag eatraimh mar a leanas:

(a) Cuirfear sraoilleáin fhada ag eatraimh nach faide ná 5 m le haghaidh an chéad 75 m de líne scanraithe éan.

(b) Cuirfear sraoilleáin ghearra ag eatraimh nach faide ná 1 m.

(iii) Ba cheart sraoilleáin fhada a cheangal den líne ar bhealach lena gcuirfear cosc ar shraoilleáin filleadh ar an líne. Sroichfidh gach sraoilleán fada dromchla na farraige in aimsir chiúin. Féadfar sraoilleáin a mhodhnú ar feadh an chéad 15 m chun go seachnófar na sraoilleáin a bheith ag dul i bhfostú.

(iv) Déanfar an líne scanraithe éan a chur in úsáid i soithí chun go mbainfear réim aeir 75 m amach ar a laghad. Chun an réim aeir sin a bhaint amach, ceanglófar an líne scanraithe éan de chuaille scanraithe éan > 6 m os cionn dhromchla na farraige agus é lonnaithe a chóngaraí do dheireadh an tsoithigh agus a bheidh praiticiúil. Ní mór cúltarraingt leordhóthanach a chruthú chun an réim aeir a uasmhéadú agus chun an líne a choinneáil díreach taobh thiar den soitheach i rith trasghaoth. Chun go seachnófar na sraoilleáin a bheith ag dul i bhfostú, is fearr a bhaintear sin amach agus cuid fhada de théad, a bheidh san uisce a úsáid, nó trí aonfhiliméad a úsáid.

(vi) Má úsáidtear dhá líne scanraithe éan, ní mór an dá líne a chur in úsáid ar dhá thaobh urchomhaireacha an phríomhdhorú.

2. Línte scanraithe éan (Ó Thuaidh ó 23° Ó Thuaidh)

2(a). Sraoilleán fada

(i) Fad íosta: 100 m.

(ii) Ní mór é a cheangal den soitheach ar bhealach a fhágfaidh go mbeidh sé á chrochadh ó phointe is airde ná 5 m ar a laghad os cionn an uisce ag deireadh an tsoithigh ar thaobh na gaoithe den phointe mar a dtéann dorú an duáin isteach san uisce.

(iii) Ní mór é a cheangal ar bhealach a fhágfaidh go gcoinneofar an réim aeir os cionn na nduán baoiteáilte báite.

(iv) Ní mór sraoilleáin a bheith achar is giorra ná 5 m ó chéile, ní mór sclóin a bheith á n-úsáid agus ní mór na sraoilleáin a bheith fada go leor go mbeidh siad chomh cóngarach don uisce agus is féidir.

(v) Má úsáidtear dhá líne scanraithe éan (i.e. línte péireáilte), ní mór an dá líne a chur in úsáid ar dhá thaobh urchomhaireacha an phríomhdhorú.

2(b). Sraoilleán gearr (le haghaidh soithí a bhfuil a bhfad iomlán >=24 m)

(i) Ní mór é a cheangal den soitheach ar bhealach a fhágfaidh go mbeidh sé á chrochadh ó phointe is airde ná 5 m ar a laghad os cionn an uisce ag deireadh an tsoithigh ar thaobh na gaoithe de phointe mar a dtéann dorú an duáin isteach san uisce.

(ii) Ní mór é a cheangal ar bhealach a fhágfaidh go gcoinneofar an réim aeir os cionn na nduán baoiteáilte báite.

(iii) Ní mór sraoilleáin a bheith achar is giorra ná 1 m ó chéile agus ní mór iad a bheith 30 cm ar fad ar a laghad.

(iv) Má úsáidtear dhá líne scanraithe éan (i.e. línte péireáilte), ní mór an dá líne a chur in úsáid ar dhá thaobh urchomhaireacha an phríomhdhorú.

2(c). Sraoilleán gearr (le haghaidh soithí a bhfuil a bhfad iomlán <24 m)

Déanfar athbhreithniú ar an dearadh seo tráth nach déanaí ná 3 bliana ón dáta cur chun feidhme bunaithe ar shonraí eolaíochta.

(i) Ní mór é a cheangal den soitheach ar bhealach a fhágfaidh go mbeidh sé á chrochadh ó phointe is airde ná 5 m ar a laghad os cionn an uisce ag deireadh an tsoithigh ar thaobh na gaoithe de phointe mar a dtéann dorú an duáin isteach san uisce.

(ii) Ní mór é a cheangal ar bhealach a fhágfaidh go gcoinneofar an réim aeir os cionn na nduán baoiteáilte báite.

(iii) Má úsáidtear sraoilleáin, moltar sraoilleáin a úsáid a bheidh deartha sa chaoi gur giorra ná 1 m ó chéile iad agus go bhfuil siad 30 cm ar fad ar a laghad.

(iv) Má úsáidtear dhá líne scanraithe éan (i.e. línte péireáilte), ní mór an dá líne a chur in úsáid ar dhá thaobh urchomhaireacha an phríomhdhorú.

3. Duáin arna gcur go cliathánach le cuirtín éan agus fodhoruithe meáite

(a) Príomhdhorú arna chur in úsáid ón gclébhord nó ón deasbhord chomh fada ó dheireadh an tsoithigh agus a bheidh praiticiúil (1 m ar a laghad), agus má úsáidtear lámhachóir príomhdhoruithe, ní mór é a ghléasadh 1 m ar aghaidh ó dheireadh an tsoithigh ar a laghad.

(b) Nuair a bheidh éanlaith mhara i láthair, ní mór a áirithiú leis an trealamh go mbeidh an príomhdhorú a dhéanfar a chur in úsáid scaoilte chun go bhfanfaidh duáin bhaoiteáilte faoin uisce.

(c) Ní mór an cuirtín éan a chur in úsáid:

(i) slat deiridh lámhachóra doruithe 3 m ar a fhad ar a laghad;

(ii) trí phríomhshraoilleán ar a laghad agus iad ceangailte den 2 m uachtarach den chuaille;

(iii) príomhshraoilleán ar trastomhas 20 mm ar a laghad;

(iv) sraoilleáin fodhoruithe ceangailte de dheireadh gach príomhshraoilleáin, atá fada go leor go mbeidh siad á dtarraingt ar an uisce (gan aon ghaoth ann) – ar trastomhas 10 mm ar a laghad.

4. Doruithe a chur le linn na hoíche

(a) Gan aon dorú a chur idir camhaoir mhuirí agus coineascar muirí.

(b) Sainmhínítear coineascar muirí agus camhaoir mhuirí mar a leagtar amach i dtáblaí an Almanaig Loingseoireachta le haghaidh domhanleithead ábhartha, am áitiúil agus an dáta.

(c) Gan de shoilsiú deice a úsáid ach a laghad is gá. Níor cheart don soilsiú deice caighdeáin íosta le haghaidh na sábháilteachta agus na loingseoireachta a shárú.

5. Fodhoruithe meáite

Éilítear na sonraíochtaí íosta meáchain seo a leanas:

(a) aon tromán amháin atá níos mó ná 40 g nó cothrom leis laistigh de 50 cm ón duán; nó

(b) atá níos mó ná 45 g nó cothrom leis san iomlán agus é ceangailte de phointe laistigh de 1 m ón duán; nó

(c) atá níos mó ná 60 g nó cothrom leis san iomlán agus é ceangailte de phointe laistigh de 3,5 m ón duán; nó

(d) atá níos mó ná 98 g nó cothrom leis san iomlán agus é ceangailte de phointe laistigh de 4 m ón duán.

6. Gairis cosanta duán

Tá gairis cosanta duán ina gcásáil ar phointe agus ar fhriofac na nduán baoiteáilte chun ionsaithe ó éanlaith mhara a sheachaint le linn doruithe a chur. Formheasadh na gairis seo a leanas lena n-úsáid in iascach WCPFC:

Cochaill duáin, a chomhlíonann na saintréithe feidhmiúcháin seo a leanas:

(a) tá an gaireas ina chásáil ar phointe agus ar fhriofac an duáin go dtí go sroichfidh sé 10 m ar domhain ar a laghad nó go mbeidh sé tumtha ar feadh 10 nóiméad ar a laghad;

(b) comhlíonann an gaireas na caighdeáin íosta reatha maidir le meá fodhoruithe mar a shonraítear san Iarscríbhinn seo; agus

(c) beidh an gaireas deartha chun é a choinneáil ar an trealamh iascaireachta seachas é a chailleadh.

7. Sceitheadh scairtí thar bord a bhainistiú

(a) Gan sceitheadh scairtí thar bord le linn doruithe a bheith á gcur nó á dtarlú;

(b)nó sceitheadh straitéiseach scairtí thar bord ón taobh eile den bhád mar a mbeidh doruithe á gcur/á dtarlú chun éin a spreagadh ar shiúl ó dhuáin bhaoiteáilte.

8. Baoite arna ruaimniú le dath gorm

(a) Má úsáidfear baoite arna ruaimniú le dath gorm, ní mór an baoite a bheith leáite go hiomlán nuair a ruaimneofar é.

(b) Dáilfidh Rúnaíocht an Choimisiúin póstaer maidir le dathanna caighdeánaithe.

(c) Ní mór gach baoite a ruaimniú de réir imire an datha a thaispeántar sa phóstaer.

9. Lámhachóir a chuireann doruithe go domhain faoi uisce

(a) Ní mór lámhachóirí doruithe a chur in úsáid ar bhealach a fhágfaidh go gcuirfear na duáin cuid mhaith níos doimhne ná mar a chuirfí mura mbeadh an lámhachóir doruithe á úsáid, agus sa chaoi go sroichfidh tromlach na nduán doimhneacht 100 m ar a laghad.